

A Chomh-mhúinteoir, a chara,

Beannachtaí ó Fhoireann na Gaeilge Iar-bhunscoile. Tá súil againn go bhfuil gach éinne i mbarr na sláinte agus go mbainfidh tú taitneamh as an tréimhse seo den bhliain leis an Nollaig ag teacht go luath.

Ár mbuíochas leat as clárú le cor poist a fháil go míosúil uainn agus déanfar gach iarracht anseo go mbeidh tú ar bord leis na huasdátuithe is déanaí i dtaobh cúrsaí teagaisc agus foghlama sa Ghaeilge.

## Tionól Teagaisc 2026 - 7 Samhain 2026

Is cúis áthais dúinn a fhógairt go mbeidh an Tionól Teagaisc 2026 ar siúl ar 7 Samhain, 2026 in Óstán Killeshin, Port Laoise, Co. Laoise arís. Ár mbuíochas le gach éinne a tháinig i mbliana. Tá súil againn go mbeidh gach éinne ar ais linn an bhliain seo chugainn chun ceiliúradh eile a dhéanamh ar fhoghlaim agus theagasc na Gaeilge. I mbliana, bhí aoichainteanna ón Roinn Oideachais agus Óige; ón gCigireacht agus ceardlanna á n-éascú ag múinteoirí Gaeilge a bhí ag roinnt cleachtais agus straitéisí praiticiúla mar aon le haonach na seastán ann ag an Tionól Teagaisc.



Oide

'Bláthú Teanga í a Léamh...'

Beidh sraith d'eispéiris foghlama gairmiúla (EFG) ar siúl faoin gCiorclán 0071/2025: Ábhar Dualgais do Scrúdú Gaeilge na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh 2027 agus i mí an Mheithimh 2028.

EFG Idirghníomhach ar Zoom*

Fiosrófar bealaí le litríocht a úsáid mar acmhainn teanga i bhforbairt scileanna teanga

Spléachadh ar 'Glaoch Abhaile'

**Bláthú Teanga í a Léamh: 3**
**Spléachadh ar 'Glaoch Abhaile'**

| Dáta | Am |
|---|---|
| Dé Luain 24 Samhain 2025* | 16:30-17:30 |
| Dé Luain 24 Samhain 2025* | 18:30-19:30 |
| Dé Máirt 2 Nollaig 2025* | 16:30-17:30 |
| Dé Máirt 2 Nollaig 2025* | 18:30-19:30 |

*Is ionann ábhar na nEFGanna thuasluaite ar fad.

Cuir d'áit in áirithe do do rogha EFG **amháin** acu tríd an gcód MF a scanadh nó trí chuairt a thabhairt ar https://oide.ie/ga/muinteoiri/ Bheadh sé fiúntach an t-ábhar dualgais a iniúchadh roimh ré.

X @Oide_PP_Gaeilge oide.ie



Cláraigí anseo do Bhláthú Teanga í a Léamh 3 atá bunaithe ar an dán 'Glaoch Abhaile' le hÁine Ní Ghlinn. Brúigí ar 'imeacht a chur in áirithe' agus scríobhaigí 'Bláthú Teanga' sa bhosca cuardaí agus tiocfaidh tú ar an nasc cláraithe. An scéal béaloidis Clann Lir a bheidh sa cheathrú hEFG ar líne sa bhliain úr faoin scéal béaloidis Clann Lir.



## Is féidir liom, is féidir linn ... Plean Gnímh don Ghaeilge i Scoileanna meán-Bhéarla

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Óige plean gnímh don Ghaeilge i scoileanna meán-Bhéarla atá ar fáil anseo. Tá sé mar aidhm sa phlean gnímh tacú le scoileanna agus le múinteoirí chun feabhas a chur ar theagasc, ar fhoghlaim agus ar úsáid na Gaeilge, agus chun eispéiris foghlama níos tarraingtí agus níos luachmhaire a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga.

Leagtar an plean gnímh amach faoi cheithre cholún:

- Meonta dearfacha a chothú i leith na Gaeilge
- Úsáid na Gaeilge a mhéadú
- Tacú le rochtain ag gach leanbh agus duine óg ar fhoghlaim na Gaeilge
- Tacaíochtaí don Ghaeilge a chomhtháthú.

Tá Oide le tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna. Is féidir teacht i dteagmháil linn le ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

## Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht

D'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Óige Polasaí don Oideachas lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht atá ar fáil anseo le tuilleadh eolais a fháil. Tá Oide le tacaíochtaí a chur ar fáil do scoileanna. Is féidir teacht i dteagmháil linn le ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

## Eispéiris Foghlama Gairmiúla 2025/2026

Tá na heispéiris foghlama gairmiúla (EFG) ar Shonraíochtaí Gaeilge T1 agus T2 na Sraithe Sóisearaí faoi lán seoil ar líne anois. Is mór an phribhléid d'Fhoireann na Gaeilge Iar-bhunscoile a bheith ag tacú le múinteoirí Gaeilge na tíre sna hEFGanna sin.

## Tuarascáil Chigireacht na Roinne Oideachais agus Óige; agus Athbhreithniú Téamach

Sheol an príomhchigire an Tuarascáil Chigireachta le déanaí ina dtugtar léargais ar cháilíocht an tsoláthair sa luathfhoghlaim, sna bunscoileanna, sna scoileanna speisialta agus sna hiar-bhunscoileanna, chomh maith le machnamh téamach ar ábhair. Baineann caibidil a ceathair le léargais iar-bhunscoile atá ar fáil anseo.

Má ritheann aon cheist leat, fáiltímid roimh chomhfhreagras uait. Níl le déanamh agat ach ríomhphost a sheoladh chuig eolas@oide.ie

Is muidne le meas,
Foireann na Gaeilge Iar-bhunscoile, Oide.
Is féidir liom, is féidir linn ...